



An Ghníomhaireacht um  
Leanaí agus an Teaghlach  
Child and Family Agency

## Soláthraithe Suíomhanna Cúraim ar Aois Scoile

An 18 Márta, 2021

**Maidir le: Seirbhísí a bhfuil iarratais chlárúcháin ar shuíomhanna Cúraim ar Aois Scoile le cur i gcrích acu.**

**A Sholáthraí, a chara,**

Tá súil agam go bhfuil tú go maith agus i mbarr do shláinte i rith na tréimhse dúshlánaí seo. Táim ag scríobh chugat le cur in iúl duit go bhfuair Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, an 26 Feabhra iarratas ó Aonad Cáilíochta Luathbhlianta an RLCMLÓ (de bhun Alt 15, den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013) faisnéis a sholáthar thar ceann an Aire maidir le seirbhísí a bhfuil iarratais chlárúcháin ar shuíomhanna Cúraim ar Aois Scoile le cur i gcrích acu go fóill.

Thug RLCMLÓ le fios, agus an spriocdháta daingnithe don Aoine an 16 Aibreán 2021, go raibh sé ar intinn aici an fhaisnéis a úsáid chun tacaíochtaí spriocdhírthe a sholáthar dóibh siúd nach bhfuil iarratas seolta ar aghaidh acu go fóill. Tuigim freisin go bhfuil sé i gceist ag an Roinn comhfhreagras a dhéanamh leat go díreach maidir leis an bpróiseas seo.

Tuigim faoin am a gheofar cumarsáid ón RLCMLÓ go mbeidh na iarratais i gcrích ag cuid agaibh.

Dóibh siúd atá fós ag obair ar iarratais tabhair ar aird gur cheart na cáipéisí go léir a sheoladh ar aghaidh tríd an tairseach iarratas. Cuireadh ar an eolas tú cheana féin aon cháipéisíocht nár seoladh ar aghaidh go dtí seo a sheoladh ar aghaidh ach má bhíonn aon cheist agat is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann go díreach. Ní phríoiseálfar ach iarratais chomhlánaithe a bhfuil an cháipéisíocht cheart tacaíochta leo. Tá seicliosta cabhrach ar fáil ag an nasc seo a leanas:

[https://www.tusla.ie/uploads/content/School\\_Age\\_Childcare\\_Policies\\_Registration\\_Checklist\\_version\\_1.0\\_2.pdf](https://www.tusla.ie/uploads/content/School_Age_Childcare_Policies_Registration_Checklist_version_1.0_2.pdf)

Caithfidh na beartais a sheolann tú ar aghaidh a bheith ar aon dul leis an treoir ábhartha ar líne. Caithfear Ráiteas um Chosaint Leanaí a chomhlíonann ceanglais Chuid 11(3) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, a bheith san áireamh le d'iarratas. Is féidir leat tuilleadh sonraí a fháil anseo:

<http://childsafeguardingelc.ie/resources-publications/>

Cinntigh le do thoil go leanann tú an treoir a chuirtear ar fáil chun a chinntiú go nglactar leis na beartais agus na nósanna imeachta riachtanacha le haghaidh clárúcháin. Ní ghlacfar le beartais nach gcomhlíonann an treoir agus seolfar ar ais iad.

Tá sé riachtanach tús áite a thabhairt don phróiseas clárúcháin a chríochnú. Caithfidh gach seirbhís ar aois scoile a bheith ar an gclár seirbhísí ar aois scoile chun oibriú. Má tá seirbhís réamhscoile agus seirbhís ar aois scoile á n-oibriú agat, caithfidh tú an dá cheann a chlárú.

Tá an fhoireann clárúcháin seirbhísí ar aois scoile ar fáil chun aon chúnamh a thabhairt a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait sa phróiseas seo, nó chun aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat a fhreagairt.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leo trí:

- Ríomhphost - [sac.registration@tusla.ie](mailto:sac.registration@tusla.ie)
- Fón - 061 461718

Tá treoir ar fáil freisin chun cabhrú leat, atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie) nó ar an tairseach.

Is mise, le meas,



**Mike Corcoran,**  
**Ceann Clárúcháin & Forfheidhmithe,**  
**Rialáil Seirbhísí Leanaí,**  
**An Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach.**